Polasai Priobhaideach Cairde Gael-Linn

Tá Gael-Linn tiomnaithe chun sonrai ar gcustaimeiri agus baill a choinneáil slán sábháilte, beidh muid glan faoin eolas atá á bhailiú againn agus cad a dhéanaimid leis an eolas sin.

Déanann an polasaí cur síos ar na pointi seo a leanas:

- An t-eolas pearsanta a bhaillíonn sinn agus a phroiseáil fút mar bhaill/custaimeir agus do úsáid dár suíomh.
- Cá bhfaigheann muid an t-eolas.
- Cad a dhéanann muid leis an eolas sin.
- Conas a dhéanaimid an t-eolas a stóráil.
- Cé chuige a dhéanann muid an t-eolas a aistriú.
- Conas a dhéanaimid déileáil le do chearta cosanta sonraí.
- Conas a dhéanaimid na rialacha a chomhlíonadh.
- Tá an t-eolas pearsanta bailithe agus próiseáil déanta do réir dhlíthe chosaint sonraí na hÉireann agus an Aontais Eorpaigh.

Rialaitheoir sonraí

Tá "Cairde Gael-Linn" (sinne, Muidne nó "Gael-Linn" sa pholasai seo) mar "Rialaitheoir Sonraí "ar iomlán an eolais phearsanta atá bailithe agus úsáidte faoinár gcustameiri chun críocha an tAcht um Chosaint Sonraí 2018. Tá Cairde Gael-Linn claraithe mar charthanacht in Eireann. Le huimhir claraithe 84909 agus oifigí cláraithe ag Gael-Linn, 35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2, Éire.

Eolas phearsanta a bhaillionn sinn

Ciallaíonn eolas pearsanta aon eolas a bhaineann leat chun gur féidir linn tú a aithint, d'ainm, eolas teagmhála, eolas bainc agus carta creidmheasa agus grianghraif. I gcásanna áirithe, eolas faoi do cheangail lenár suiomh idirlín.

Is féidir linn eolas pearsanta a bhailiú uait nuair a chláraíonn tú mar bhall do Chairde Gael Linn Ballraíocht mhíosúil nó bhliantúil a cheannach, clárú linn nuair a dhéanann tu teagmháil linn.

Go háirithe, is féidir linn na catagóirí seo a leanas a bhailiú.

- Ainm agus seoladh baile.
- I gcásanna áirithe – seoladh ríomhphoist, uimhir gutháin agus grianghraif.
- Stair creidmheasa agus eolas airgeadais.
- Teagmháil a dhéanann tú a mhalartú linn nó go díreach linn trí ríomhphoist agus teagmháil: http://www.gael-linn.ie/teagmhail

Sábháilteacht agus conas a dheanann muid do chuid eolais a stóráil:

Tá an t-eolas pearsanta bailithe go díreach trí shuiomh Gael-Linn nó trid na Timirí agus Gniomhairí. Nuair atá an t-eolas faighte ag Gael-Linn tá sé coinnithe go sábháilte ar an ríomhaire agus ríomhphoist sábháilte.

Eolas pearsanta a roinnt:

Ní dhéanaimid d'eolas pearsanta a roinnt le tríú páirtí ach amháin leis na Timirí, Gniomhairí agus le Paypal le haghaidh iocaíochtaí. Maidir le grianghraif bhuaiteoirí an Chrannchuir, cuirfimid iad seo i Nuachtlitir Cairde nó ar na Meáin Shóisialta (Facebook agus Twitter) le do chead. Caithfimid, de réir dlí agus tearmaí ár gceadúnas crannchuir, liosta na mbuaiteoirí a chur ar fáil do na Gardaí tar éis gach crannchur.

Cad chuige a n-úsáideann muid do shonraí pearsanta agus an tréimhse ama:

Is féidir d'eolas pearsanta a úsáid do na cuiseanna seo a leanas:

- Seiceanna duaiseanna a chur ar fáil do bhuaiteoirí an chrannchuir agus eolas thorthaí na gcrannchur.
- Seirbhisí a iarrann tu: úsáideann muid an t-eolas a chuireann tú ar fáil dúinn chun na seirbhisí a iarrann tú a chomhlíonadh maidir le do bhallraíocht i gCairde Gael-Linn.
- Teagmháil a dhéanamh leat faoi aon ghniomhaíocht maidir le do bhallraíocht, fiosrúcháin nó comórtais.
- Riaracháin agus Cúrsaí Dlíthiúla: is féidir linn do chuid eolais a úsáid maidir le anailís margaíochta, cothabhail agus forbairt, anailís margaíochta agus staitisci chun déileáil le fadhb nó éileamh.
- Margaíocht: o am go ham b'fheidir go ndéanfar teagmháil leat maidir le haon ábhar nua margaíochta ar rí-phost. Beidh deis agat ar gach rí-phost a chuireann muid chugat a léiriú nach bhfuil tú ag iarraidh a thuilleadh teagmháil maidir le hábhar margaíochta uainn.
- Ní dhéanaimid d'eolas pearsanta a úsáid ach i gcás go bhfuil bunús dlí chun sin a dheanamh. Beidh an bunús dlí bunaithe ar na cuiseanna atá bailithe againn agus gá d'eolas pearsanta a úsáid.
- Ní dhéanaimid d'eolas pearsanta a choinneáil níos faide ná mar is gá chun críocha don cúspóir a bhailíodh é a bhaint amach. Leis an treimhse ama a oibriú amach is gá dúinn an t-eolas a choinneáil, déanaimid an méid agus nadúr an t-eolas pearsanta, an chúis a dhéanaimid é a phróiseáil agus an féidir linn na cúiseanna a oibriu amach ar bhealai eile a chur faoi chaibidil.
- Caithfimid smaoineamh chomh maith ar thréimhsí go mbeadh gá dúinn eolas pearsanta a choinneáil ó thaobh an dlí de, nó chun déileáil le gearáin, ceisteanna agus ár gcearta dlí a chomhlíonadh ar eagla go mbeadh éileamh déanta.
- Nuair nach bhfuil gá dúinn d'eolas pearsanta a choinneáil a thuilleadh, déanfaimid é a dhealu nó a scrios. Cuirfimid faoi chaibidil an féidearthacht agus conas is féidir linn, thar am, an t-eolas pearsanta atá in úsáid againn a íoslaghdú agus an feidir linn an t-eolas a bhaineann leat a dhéanamh anaithnid, agus sa chás seo d'fhéadfaimis an t-eolas a úsáid gan é seo a chur in iúl duit.

Cuaiche & Rianaithe :
Ni úsáidimid cuaiche nó rianaithe.

An tOifigeach Cosanta Sonraí ("OCS"):
Tá OCS againn chun an polasaí seo a smachtú. Tá cead agat gearán a dhéanamh ag aon am leis an Coimisinéir Cosanta Sonraí.

Do chearta um chosaint sonraí:
I gcásanna áirithe, de réir an dlí, tá ceart agat :

- Eolas a lorg faoi cén t-eolas atá againn agus cén fáth go bhfuilimid á choinneáil/á úsáid.
- Cead agat "iarraidh ábhar sonraí a rochtain". Ciallaíonn sé seo gur féidir leat cóip den eolas pearsanta a choinníonn muid fút agus go bhfuil muid a phroiseáil go dleathach.
- Cead an t-eolas pearsanta atá againn a cheartú. Ciallaíonn sé sin gur féidir leat aon eolas nach bhfuil cruinn a fháil ceartaithe.
- Cead a iarraidh an t-eolas atá againn a dhealu nó a scrios nuair nach bhfuil cúis mhaith dúinn a bheith a phroiseail.
- Cead agat iarraidh orainn dealú nó scrios a dhéanamh ar an eolas phearsanta. Ligeann sé seo duit iarraidh orainn eolas pearsanta a dhealú nó fáil réidh leis nuair nach bhfuil cúis mhaith againn leanúint orainn an t-eolas sin a phróiseáil. Tá an ceart agat chomh maith iarraidh orainn d'eolas pearsanta a dhealú nó fáil réidh leis nuair a chuir tú in aghaidh phróiseáil d'eolais.
- Cead a iarraidh ar gearradh siar ar an bpróiseáil ar an eolas pearsanta. Is féidir leat iarraidh orainn gan an t-eolas a phróiseáil go sealadach, mar shampla má tá tú ag iarraidh orainn a chur in iúl duit cén fáth a bhfuil muid a phróiseáil.
- Is féidir leat iarraidh orainn d'eolas pearsanta a aistriu go leictreonach nó i bhfoirm structurtha chugat nó chuig pairtí eile ("inaistritheacht sonraí"). Bheadh cead agat an t-eolas a aistriú uainn agus a aistriú chuig pairti eile go leictreonach i bhfoirm inúsáidte.
- Do chead a tharraingt siar. I gcásanna teoranta gur thug tu do chead do bhailiú, phróiseáil agus aistriu d'eolas pearsanta do chúis áirithe, is féidir leat do chead a tharraingt siar don phroiseail sin ag aon am. Chomh luath agus a fhaigheann muid an fógra go bhfuil tú tar éis do chead a tharraingt siar, ní dhéanfaimid do chuid eolais a phróiseáil don chuis nó cúiseanna a d'aontaigh tú, ach amhain má tá cúis mhaith againn de réir dlí é sin a dhéanamh.

Ma tá tu ag iarraidh do chearta a úsáid d'aon cheann acu seo is féidir leat éileamh a dhéanamh trí:

- Suiomh : http://www.gael-linn.ie/teagmhail
- Tríd an bpost: An tOifigeach Cosanta Sonraí, Cairde Gael-Linn, 35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2, Éire.
- Ríomhphost: cairde@gael-linn.ie

Ní gá aon íocaíocht chun d'eolas pearsanta a fháil (nó úsáid a bhaint as aon de na cearta eile atá agat).

B'fhéidir gur gá dúinn eolas ar leith a fháil uait ionas gur féidir linn d'aitheantas a chinntiú agus go bhfuil an ceart agat rochtain a fháil ar an eolas sin a chinntiú (nó úsáid a bhaint as aon de na cearta eile atá agat). Is beart slándála eile é seo atá cuí le cinntiu nach mbeidh an t-eolas túgtha d'aon duine nach bhfuil an ceart acu é a fháil.

Athruithe don pholasai phriobhaidheach:
B'fheidir go n-athrófar an polasaí príobháideachais ó am go ham agus cuirfear aon athruithe don ráiteas in iúl duit trí ríomhphost nó fógra ar an suíomh.

Teagmháil:
Má tá aon cheist agat faoin bPolasaí Príobháideachais is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn trí ríomhphost ag:
cairde@gael-linn nó tríd an bpost ag:
An tOifigeach Cosanta Sonraí,
Cairde Gael-Linn, 35 Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2, Éire.